Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2020
(OR. en)

12276/20

SAN 378
DEVGEN 144
ONU 61

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11526/20 SAN 343 DEVGEN 128 ONU 61 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát maidir le ról an Aontais Eorpaigh ó thaobh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a neartú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, dréachtchonclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát maidir le ról an Aontais Eorpaigh ó thaobh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a neartú.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát maidir le ról an Aontais Eorpaigh ó thaobh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a neartú**

**MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE,**

1. AITHNÍONN SIAD go bhfuil sé curtha i dtreis a thuilleadh fós ag paindéim COVID-19, agus na hiarmhairtí sláinte, sóisialta agus eacnamaíocha a ghabhann léi, a riachtanaí atá sé, *inter alia*, go mbeadh comhar domhanda iltaobhach láidir ann, chomh maith le hacmhainneachtaí domhanda láidre sláinte agus go dtabharfaí freagairt dhomhanda ar dhúshlán sláinte dá mhacasamhail. Bunaithe ar a sainordú, tá ról lárnach ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) mar an údarás ceannaireachta agus comhordúcháin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda sláinte, lena n-áirítear ullmhacht i ndáil le ráigeanna, chomh maith lena gcosc, a mbrath agus freagairt orthu.

2. AITHNÍONN SIAD an ról atá ag EDS mar an rúnaíocht do mhol comhordúcháin an Luasaire um Rochtain ar Uirlisí COVID-19 (ACT).

3. AITHNÍONN SIAD FREISIN go bhfuil sainordú leathan ag EDS, ach go léiríonn na paindéimí is déanaí, cé go mbíonn éagsúlachtaí ann de réir an chomhthéacs náisiúnta, gur mó, ar an mórgóir, ionchais an chomhphobail idirnáisiúnta ná acmhainní reatha EDS ná a cumas tacú le Ballstáit córais sláinte láidre athléimneacha a fhorbairt lena gcuirfí seirbhísí ardcháilíochta ar fáil dóibh siúd atá i ngátar agus lena n-áiritheofaí nach bhfágfaí duine ar bith ar lár, lena n-áirítear le linn paindéimí.

4. CUIREANN SIAD CHUN SUNTAIS ról EDS maidir le tacaíocht a chur ar fáil, lena n-áirítear tacaíocht éigeandála agus theicniúil, do na tíortha is leochailí.

5. MEABHRAÍTEAR DÓIBH gur léiríodh, leis na hathbhreithnithe agus na meastóireachtaí a rinneadh ar eipidéim an ghéarshiondróim throm riospráide (SARS-CoV), ar phaindéimí fhliú H1N1 agus ar ráig Ebola san Afraic Thiar, go raibh easnaimh san acmhainneacht dhomhanda i ndáil le hullmhú do ráigeanna agus freagairt orthu, agus go ndearnadh moltaí sonracha iomadúla d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin. Go pointe áirithe, rinneadh gníomhaíochtaí inmholta mar thoradh ar na moltaí sin, amhail athbhreithniú ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (IHR) in 2005 agus bunú Chlár Éigeandálaí Sláinte EDS agus bunú an Choiste Neamhspleách Maoirseachta agus Chomhairligh (IOAC) don chlár sin i ndiaidh na ráige Ebola thuasluaite.

6. TUGANN SIAD DÁ nAIRE na dúshláin, *inter alia* maidir le trédhearcacht, sineirgí, maoiniú agus cuntasacht atá os comhair EDS sa staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, agus na moltaí atá sna hathbhreithnithe agus sna meastóireachtaí a rinneadh le blianta beaga anuas, chomh maith leis na hathbhreithnithe agus na meastóireachtaí atá á ndéanamh faoi láthair, d'fhonn réitigh a aimsiú i ndáil leis na dúshláin sin. TUGANN SIAD DÁ nAIRE FREISIN na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun an eagraíocht a athrú ó bhonn trí 'Clár Oibre Claochlaithe EDS' agus trí 'spriocanna na dtrí billiún' i 13ú Clár Ginearálta Oibre EDS.

7. MEABHRAÍTEAR DÓIBH ról comhordúcháin agus ceannaireachta an Aontais agus a Bhallstát i dtaca le rún WHA73.1 ó EDS, an 19 Bealtaine 2020, maidir leis an bhfreagairt ar COVID-19.

8. LÉIRÍONN SIAD A dTACAÍOCHT leis an bpróiseas meastóireachta a thionscain EDS, IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH gur bunaíodh an Painéal Neamhspleách um Ullmhacht agus Freagairt Phaindéimeach ('IPPR') agus CUIREANN SIAD CHUN SUNTAIS a riachtanaí atá sé go mbeadh an Painéal neamhchlaonta, neamhspleách agus cuimsitheach, agus gur den chaighdeán is airde a bheadh a chuid oibre.

9. IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH gur thionóil EDS Coiste Athbhreithnithe ar Fheidhmiú na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (Coiste Athbhreithnithe IHR), agus go gcomhoibríonn sé le IOAC, le IPPR agus le comhlachtaí ábhartha eile, agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh an obair seo comhlántach agus ailínithe le tionscnaimh atá ann cheana féin. MEABHRAÍTEAR DÓIBH an rún arna ghlacadh ag an 146ú Bord Feidhmiúcháin (EB146.R10) dar teideal *Strengthening Preparedness for Health Emergencies: implementation of the International Health Regulations* [Ullmhacht a neartú d´éigeandálaí sláinte: na Rialacháin Idirnáisiúnta Sláinte a chur chun feidhme] (2005) AGUS TUGANN SIAD DÁ nAIRE na moltaí ón mBord Domhanda um Fhaireachán Ullmhachta maidir leis an ullmhacht agus an fhreagairt dhomhanda a neartú.

10. CUIREANN SIAD CHUN SUNTAIS, i gcomhthéacs seo an athchóirithe, a thábhachtaí atá an cur chuige Aon Sláinte Amháin chun cosc a chur ar éigeandálaí sláinte agus chun aghaidh a thabhairt orthu, agus molann siad go ndéanfaí machnamh ar fhréamhú institiúideach agus eagraíochtúil an chur chuige Aon Sláinte Amháin ar an leibhéal domhanda.

**BUNAITHE AR AN MÉID SIN THUAS, TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE,**

11. TIOMANTA chun a áirithiú go leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit, bunaithe ar a dtiomantas don iltaobhachas, de ról ceannaireachta a ghlacadh sa tsláinte dhomhanda, agus TÁ SÉ DE RÚN DAINGEAN ACU ról comhordúcháin, réamhghníomhach ceannaireachta a áirithiú i bpróiseas cuimsitheach arb é is aidhm dó an tslándáil dhomhanda sláinte agus EDS a neartú, go háirithe a hacmhainneacht i ndáil le hullmhacht agus freagairt ar éigeandálaí sláinte agus scrúdú a dhéanamh ar na torthaí a thiocfaidh ó IPPR, ó Choiste Athbhreithnithe IHR agus ó IOAC féachaint lena n-aistriú ina ngníomhartha agus tacú le Ballstáit EDS chun na córais náisiúnta sláinte agus na beartais sláinte poiblí a neartú. Sa chomhthéacs seo, is den tábhacht go mbeadh idirphlé láidir leanúnach ann le Ballstáit EDS.

12. Aithníonn siad go bhfuil comhthéacsanna náisiúnta éagsúla ann ach BAINEANN SIAD DE THÁTAL den méid thuas gur gá aghaidh a thabhairt ar an éagothromaíocht idir ionchais Bhallstáit EDS agus an eagraíocht í féin agus a cuid acmhainneachtaí, agus LEANFAIDH SIAD DEN TEAGMHÁIL le Ballstáit eile EDS i gcomhlachtaí rialaithe na heagraíochta chun gníomhaíochtaí iomchuí a chur chun cinn maidir leis an mbealach is fearr chun cinn.

13. AITHNÍONN SIAD gur cheart tús áite a thabhairt i gcomhlachtaí rialaithe EDS do dhul i ngleic leis na dúshláin atá ag an eagraíocht faoi láthair, *inter alia* maidir le trédhearcacht , sineirgí, maoiniú intuartha inbhuanaithe, agus cuntasacht, chomh maith leis na dúshláin a bhaineann lena freagairt ar an bpaindéim reatha agus leis an éagothromaíocht idir ionchais a Ballstát agus acmhainneachtaí na heagraíochta í féin.

14. MOLANN SIAD do na gníomhaithe ábhartha uile, lena n-áirítear gníomhaithe domhanda eile sláinte agus gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad, aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar acmhainneachtaí coisc, ullmhachta agus freagartha EDS, agus LEAGANN SIAD BÉIM, ag an am céanna, ar a thábhachtaí atá sé comhpháirtíochtaí a neartú a thuilleadh mar aon le neamhspleáchas, obair normatach, acmhainneacht theicniúil, cuntasacht, éifeachtúlacht, éifeachtacht agus trédhearcacht na heagraíochta.

15. CUIREANN SIAD I bhFIOS GO LÁIDIR go bhféadfadh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) ról ríthábhachtach a imirt i gcás ráigeanna amach anseo ach é a neartú, agus gur cheart féachaint an bhféadfaí an comhar idir ECDC agus EDS a neartú a thuilleadh.

16. CUIREANN SIAD CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé go gcuirfí IHR chun feidhme go hiomlán agus LEAGANN SIAD BÉIM ar a thábhachtaí atá sé, gan dochar do na tuarascálacha deiridh ná do na moltaí a thiocfaidh ó na sásraí athbhreithnithe agus meastóireachta atá ar siúl faoi láthair, go bhféachfaí an bhféadfaí na bearta thíos a dhéanamh, *inter alia* i ndáil le hathbhreithniú IHR, agus an bhféadfaidís rannchuidiú le hobair IPPR, IOAC, an Bhoird um Fhaireachán Ullmhachta Domhanda (GPMB) agus Choiste Athbhreithnithe IHR. Ar na bearta sin, tá:

- féachaint an bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras foláirimh chun éigeandáil sláinte poiblí ar ábhar imní ar an leibhéal idirnáisiúnta í (PHEIC) a dhearbhú; ba cheart go gceadófaí leibhéil dhifreáilte foláireamh, mar shampla córas solais tráchta, lena gcothófaí trédhearcacht na mbeart agus lena gcuirfí feabhas ar bheachtas na cumarsáide i ndáil le bagairtí ar an tsláinte phoiblí;
- féachaint le hidirdhealú a dhéanamh faoi IHR idir srianta taistil agus srianta trádála, i.e. idirdhealú idir bearta a bhaineann le hiompar daoine agus iompar tráchtearraí d'fhonn dochar neamhriachtanach do gheilleagair a sheachaint;

- féachaint an bhféadfaí measúnú neamhspleách eipidéimeolaíochta ar an láthair a dhéanamh i limistéir ardriosca i ndlúthchomhar leis an stát is páirtí;
- trédhearcacht a mhéadú maidir leis an gcomhlíonadh náisiúnta i ndáil le IHR, mar aon le córas tuairiscithe níos éifeachtaí agus a chuirfí i bhfeidhm ar bhealach níos comhsheasmhaí maidir le tuairisciú ó na stáit is páirtithe chuig Rúnaíocht EDS, chomh maith le comhmheastóireachtaí seachtracha agus an obair leantach a bhaineann leo a neartú;
- meastóireacht ar éifeachtaí dearfacha agus diúltacha na ngníomhaíochtaí freagartha a cuireadh chun feidhme agus scrúdú ar na bearnaí eolais atá ann faoi láthair d'fhonn a chinneadh cad iad na huirlisí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ag leibhéal na tíre chun gníomhartha a threorú;
- tiomantas go ndéanfaí ról normatach agus, i gcás inarb iomchuí, acmhainneacht, EDS a neartú a thuilleadh. Agus machnamh á dhéanamh sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí féachaint an bhféadfaí oifig an phríomh-eolaí a neartú chomh maith le ról na n-oifigí réigiúnacha agus tíre, EDS a mhisniú na cuir chuige atá ann a fheabhsú agus cinn nua a fhorbairt i ndáil leis an tsláinte a nascadh leis an bhfás inbhuanaithe agus mapáil agus tuiscint ar an ngeilleagar domhanda sláinte a atreisiú agus Acadamh EDS a fhorbairt a thuilleadh;
- iarrachtaí EDS a neartú chun sineirgí a chruthú san ullmhacht agus san fhreagairt leis na gníomhaithe ábhartha uile agus chun tacú leo siúd is leochailí;
- comhar 'trípháirteach' a neartú idir EDS, Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) agus le Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) chun an cur chuige Aon Sláinte Amháin a chur chun cinn i ndáil le galair zónóiseacha.

17. CUIREANN SÍ I dTREIS go dtacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit go hiomlán le ról ceannaireachta agus comhordúcháin EDS sa tsláinte dhomhanda agus, dá bhrí sin, go dtacóidh siad le cur chun feidhme tráthúil na mbeart riachtanach athchóirithe de chuid EDS bunaithe ar mhachnamh ar na pointí thuasluaite chomh maith le tuarascálacha agus moltaí ábhartha, agus é d'aidhm acu an eagraíocht a neartú, i ngach ceann dá trí leibhéal, agus a áirithiú go ndéanfaidh comhlachtaí rialaithe EDS obair leantach.